

## Colm Cille: Tuartha, Tairngreachtaí agus Fáistine Fhileata

Ó aimsir bheatha an naoimh a chum Adhamhnán go dtí an lá atá inniu ann, tá cáil ar Cholm Cille as a chuid tairngreachtaí agus tuartha. Sa bheatha ceanglaítear é le tairngreachtaí a bhaineann le muintir na mainistreach ar Oileán Í den chuid is mó, mar shampla, an eachtra chailiúil faoin corr-éan bocht leath-bháite a thagann go dtí an t-oileán as Éirinn. Níos déanaí i dtraidisiún na lámhscríbhinní, áfach, leagtar fáistíní casta fileata ar Cholm Cille a bhaineann leis an Roth Rámhach, gléas ollmhór a dhéanfaidh léirscrios ar Éirinn nó an Scúab as Fánat a dhéanfaidh an tír a bhánú díreach roimh Lá an Bhrátha. Ceann de na dánta is tábhachtaí a bhaineann leis an téama seo ná *Éistea riom, a Bhaoithín bhuaín*, tairngreacht fhileata fhada luaite le Colm Cille ina labhrann sé lena dhalta agus a chomharba Baoithín. Bhí an oiread sin tóra ag scríobhaithe ar an dán seo go raibh sé fós a chóipeáil i lámhscríbhinní san ochtú agus sa naoú céad déag.